



Cochailín Dearg

Cochailín Dearg

Insítear an scéal seo sa Fhrainc mar *Le Petit Chaperon Rouge* agus sa Ghearmáin mar *Rotkäppchen*. Is dócha gurb é an scéal is fearr le páistí é.

Snáitheanna: Teanga ó Bhéal

Léitheoireacht

Gnéithe: Cumarsáid
Tuiscint

Modhanna Múinte – meascán ach béim ar:

- mhodh na drámaíochta
 - dráma sa rang le puipéid
- mhodh na sraithe
 - sraith pictiúr a chur in ord

Torthaí Foghlama:

Trí eispéiris chúí foghlama spráilúla ba cheart go mbeadh an páiste in ann:

- an foclóir riachtanach a aithint agus a úsáid le cabhair na bpictiúr: *Cochailín Dearg, Mac Tíre, Mamaí, Mamó, cochall (hood) teach Mhamó, doras, leaba*
- na baill choirp a aithint trí éisteacht le treoracha agus iad a leanúint:

Taispeáin dom do chluasa. Taispeáin dom do shúile. Taispeáin dom do bhéal.
- an scéal a leanúint le cabhair na bpictiúr; *ar dtús, ansin agus ansin agus faoi dheireadh*
- páirt a ghlacadh sa dráma
- eiseamláirí teanga ón scéal a úsáid anois is arís go neamhfhoirmiúil sa rang

Cé thusa? Is mise . . .
Tar isteach!
Slán! (go fóill)
Bí cúramach (ar an mbóthar)!
Cabhraigh liom!

Tréimhse réamhéisteachta (ullmhú don fhoghlaim):

Cothú spéise, ionchur agus cleachtadh teanga nua. Eagar: an múinteoir agus na páistí

1. Aithris agus athrá le geáitsí

Rann: Lámh lámh eile (aithris agus athrá le geáitsí)

Lámh, lámh eile, a haon, a dó
Cos, cos eile, a haon, a dó
Ceann, srón, béal, smig
agus fiacla bána sa bhéal istigh!

2. Leanúint treoracha i gcluiche

Deir Ó Grádaigh (foclóir an scéil amháin)
Cuir do lámh ar do bhéal./Cuir do lámh ar do chluasa.
Cuir do lámh ar do shúile./Taispeáin dom na fiacla.
Buail ar an doras./Tar isteach!

3. Na mothúcháin

Bígí tinn. Ó, ó . . .
Bígí go deas.

Ligigí oraibh go bhfuil sibh gránna! Grr... grr...



4. Tarraing pictiúr

1. Múnlóidh an múinteoir an tasc seo. Na páistí ag tabhairt treoracha ar dtús mar rang iomlán, chun na treoracha a cheachtadh.

2. Tabhair masc an Mhic Tíre don rang. Tá sé ag cúl an leabhair. Na páistí i mbeirteanna ag tabhairt treoracha dá chéile:

Tarraing súile.
Tarraing cluasa.
Tarraing béal gránna.
Tarraing fiacla fada.

Is féidir leis na páistí an masc a chríochnú agus a dhathú ansin.



Is féidir freisin puipéad a tharraingt ar mhála páipéir.

Gruaig Chochaillín a dhéanamh ag leanúint threoracha an mhúinteora freisin. Cuirtear ar an bpáiste le banda rubair í.

5. Na carachtair a chur in aithne

trí úsáid a bhaint as puipéid nó as na pictiúir sa leabhar.

Féach ar an gcailín beag seo. Cochaillín Dearg is ainm di. Féach, tá cochall ar a cóta dearg.

Seo í Mamaí agus seo í Mamó. Ó, tá Mamó bhocht tinn. (geáitsí)

Tá ciseán ag Cochaillín Dearg.

Seo é an Mac Tíre gránna, grr . . . grr . . .

Agus seo é Daidí.

6. Rólghlacadh

Cúpla páiste a roghnú as an ngrúpa agus cúpla abairt as an scéal a chleachtadh leo.

Cuir ort an cochaillín dearg seo . . .

Cé thusa? Is mise Cochaillín Dearg.

Is mise an Mac Tíre grr . . . grr . . .

Seo duit, ciseán do Mhamó.

Tá go maith.

Slán!

Tréimhse éisteachta (úsáid na foghlama):

Scéaldrámaíocht:

Ní gnáthdhráma stáitse é seo. Meascán is ea é de scéal agus de dhráma. Ní gá an iomarca béime a chur ar na focail. Ní gá iad a fhoghlaim roimh ré. Tugann an múinteoir na focail don pháiste cuí os íseal de réir mar a théann an scéal ar aghaidh agus ansin deir an páiste iad i ndiaidh an mhúinteora.

Gléastar na carachtair agus insíonn an múinteoir an scéal le cabhair na bpáistí ón tús. Athraíonn an múinteoir na carachtair ansin agus déantar an scéaldráma arís.

Bíonn an múinteoir ag ionramháil na sé phictiúir agus ag insint an scéil ag an am céanna ar mhodh drámatúil. Tagann na páistí isteach leis na línte difriúla de réir a chéile. Tuigfidh siad an scéal ón mBéarla, is dócha, nó ó pé máthairtheanga atá acu.

Pictiúir 1: Mamaí agus Cochaillín Dearg

Bhí cailín beag ann fadó. Cochaillín Dearg ab ainm di.

A Chochaillín, a ghrá, tar anseo!

Sea, a Mhamaí.

Seo duit, ciseán do Mhamó. Tá Mamó tinn.

Tá go maith, a Mhamaí.

Slán. Bí cúramach.

Tá go maith. Slán.

Pictiúir 2: Cochaillín Dearg agus an Mac Tíre

La, la, la, la . . .

Heileo, hí hí hí! Cé thusa?

Mise Cochaillín Dearg. Cé thusa?

Mise an Mac Tíre. Hí hí hí!

Cá bhfuil tú ag dul?

Chuíg Mamó.

Slán go fóill!

Slán.

Pictiúir 3: Téann an Mac Tíre isteach i dteach Mhamó

Buaileann sé ar an doras.

A Mhamó, a Mhamó, Cochaillín Dearg anseo!

Tar isteach! Tar isteach, a Chochaillín.

Téann an Mac Tíre isteach sa leaba.

Ansin tagann Cochaillín Dearg. Buaileann sí ar an doras.

A Mhamó, a Mhamó, Cochaillín Dearg anseo!

Tar isteach! Tar isteach, a Chochaillín.

Hí hí hí!

Pictiúir 4: An Mac Tíre sa leaba

Heileo, a stór!

Ó, a Mhamó, do chluasa!

Hí hí hí! Éist léi!

Ó, a Mhamó, do shúile!

Hí hí hí! Féach uirthi!

Pictiúir 5: An Mac Tíre agus Cochaillín Dearg

Ó, a Mhamó, do bhéal!

Hí hí hí! Argh! Argh!

Ó, a Mhamó, do chuid fiacla!

Ó, tá ocras orm!

Pictiúir 6: Cochaillín Dearg, an Mac Tíre, Mamó agus Daidí

Ó, cabhraigh liom, cabhraigh liom! A Mhamaí, a Dhaidí . . . cabhraigh liom, cabhraigh liom!

Tá mé ag teacht! Tá mé ag teacht!

Ó, a Dhaidí . . .

A Mhac Tíre ghránna, maróidh mé tú!

Ó, a Dhaidí! A Mhamó!

Tá mé anseo! Tá mé anseo! (póg dá chéile)

Anois beidh cupán tae againn.

Dráma Puipéad

Is féidir an scéal seo a insint le cabhair puipéad ar mhaidí freisin.

Tréimhse iaréisteachta (dul siar agus traschur na foghlama):

Gníomhaíochtaí

1. Cluiche: *Cén bia atá sa chiseán?*

Ciseán nó mála a líonadh le deoch bainne, cáca, banana, úll, oráiste, milseán . . .

An múinteoir: *Tar anseo a . . ., agus tabhair bainne dom.*

An páiste ag roghnú an bhia cheart agus á thabhairt don mhúinteoir.

Seo duit!/Go raibh maith agat!

2. Cluiche le púicín (*blindfold*)

Ciseán nó mála a líonadh le bianna agus buidéal, ach an uair seo roghnaíonn na páistí an bia ceart ón mála trí é a láimhseáil gan féachaint air.

An múinteoir: *Tar anseo a . . ., agus abair liom cad atá agat.*

An páiste ag láimhseáil: *Tá . . . agam, sílim.*

3. Rainn:

a. Lámh lámh eile

Lámh, lámh eile, a haon, a dó

Cos, cos eile, a haon, a dó

Ceann, srón, béal, smig

agus fiacla bána sa bhéal istigh!

b. Buail ar an doras

Buail ar an doras

is féach isteach,

Ardaigh an laiste

is siúil isteach.

Suigh ar an stól

is bí ag ól.

Is cén chaoi a bhfuil tú ar maidin?

4. Téigh siar ar an bpictiúr

Téigh siar ar an bpictiúr a tharraing páiste éigin sa ghníomhaíocht; **Tarraing pictiúr.**

Féach ar na cluasa!

Féach ar na súile!

Agus féach ar an mbéal gránna!

Agus na fiacla fada gránna.

Ó, Tá eagla orm.

5. Cluiche beirte: *Tarraing pictiúr*

Beirt pháistí ag obair le chéile. Duine acu le pictiúr simplí de dhuine. Páiste amháin ag tabhairt treoracha don pháiste eile:

Tarraing gruaig. Tarraing súil. Tarraing súil eile. Tarraing béal/cluasa/fiacla.

An páiste eile ag rá:

Céard eile? Mar seo?

6. Eiseamláirí teanga an scéil a úsáid go neamhfhoirmiúil

Slán! (go fóill)

Tar isteach/Bí cúramach!/Seo duit!

Tá go maith!/Tá . . . tinn.

Cabhraigh liom!

Cá bhfuil tú ag dul?

Cé thusa? Mise . . .

7. Eiseamláirí teanga an scéil a úsáid go neamhfhoirmiúil

Gearrtar fótachóip de na sé phictiúr bheaga atá sa leabhar, agus tugtar do gach grúpa páistí iad. Cuireann na páistí an scéal in ord agus déanann siad iarracht é a athinsint. Is féidir leis an múinteoir cabhrú leo trí **mhúnlóireacht** a dhéanamh ar an tasc.

Teanga an mhúinteora:

Cá bhfuil pictiúr 1?

Cá bhfuil pictiúr 2?

Ansín céard a tharla?

Agus ansín?

Agus faoi dheireadh céard a tharla?

Léitheoireacht (Scoileanna T1)

Cabhraíonn ordú na bpictiúr le scileanna léitheoireachta: treoshuíomh clé-deas, léamh ó bharr go bun an leathanaigh agus seiceamh (*sequencing*)

- Meaitseáil pictiúr agus focal
- Meaitseáil pictiúr agus abairtí

An scéal a chur le chéile leis na pictiúir i bhfríos, agus téacs an scéil simplithe ar cártaí A4 fúthu. Na páistí ag léamh an scéil le cabhair an mhúinteora.

- *Leabhar beag a dhéanamh* agus a cheangal, pictiúr agus téacs an-simplí ar gach dara leathanach. Na páistí 'ag léamh' an leabhair a chuir siad féin le chéile.

Fuaimeanna an Bhéarla difriúil ó fhuaimneanna na Gaeilge

- Na fuaimeanna a chomhfhreagraíonn do na graiféimeanna (litreacha) i nGaeilge: Na difríochtaí idir *s* agus *sh*, a rá go soiléir, ag tús an fhocail, go háirithe.

<i>s</i> = /s/	<i>sh</i> = /h/
súile	do shúile
srón	do shrón

Measúnú ar an aschur (úsáid na teanga)

Ar éirigh leis na páistí na torthaí foghlama a bhaint amach?

1. Baintear úsáid as dírbhreathnú an mhúinteora le linn do na páistí a bheith ag éisteacht leis an scéal.
2. An bhfuil siad in ann ceisteanna a fhreagairt a léiríonn gur thuig siad é? *Cé hí an cailín beag? Cochaillín Dearg; Cé hé an t-ainmhí gránna? An Mac Tíre; Cé a bhí istigh sa leaba? Mamó / an Mac Tíre.*
3. Eiseamláirí teanga ón scéal a úsáid anois is arís go neamhfhoirmiúil sa rang. *Cé thusa? Is mise . . . Tar isteach! Slán! (go fóill) Bí cúramach (ar an mbóthar)! Cabhraigh liom!*
4. An bhfuil na páistí in ann na teoracha a thabhairt agus a leanúint in obair bheirte? *Tarraing cluasa, súile, béal, fiacla*
5. An bhfuil na páistí in ann na sé phictiúr a chur in ord agus an scéal a insint le cabhair na bpictiúr; *Ar dtús, ansin, agus ansin agus faoi dheireadh . . .*
6. Páirt a ghlacadh sa dráma.